



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Leas a Bhaint as Digitíú

Creat Digiteach na hÉireann

Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn 2022

Arna hullmhú ag Roinn an
Taoisigh, Nollaig 2022 [gov.ie](https://www.gov.ie)



Forléargas

Foilsíodh *Leas a Bhaint as Digiú - Creat Digiteach na hÉireann*, an 1 Feabhra 2022, agus tá sé ina léiriú ar uaimhian na hÉireann **bheith mar cheannasaí digiteach i gcónaí atá ag croílár forbairtí digiteacha Eorpacha agus domhanda.**

Leis an Straitéis, leagtar amach **treochlár chun an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus a chumasú** ar fud a gheilleagair agus na sochaí, d'fhonn éifeachtúlacht seirbhísí poiblí, táirgiúlacht agus nuálaíocht na fiontraíochta, agus ár n-iomaíochas agus inbhuanaitheacht fhoriomlán a uasmhéadú.

Leagtar an-bhéim ar **chothromaíocht, ionchuimsitheacht, slándáil agus sábháilteacht**, agus **treisítear obair i dtreospriocanna** na hÉireann i leith **na haeráide** a bhaint amach. Cuirtear spriocanna san áireamh ar fud ceithre ghné, igcomhréir le Deacáid Dhigiteach an AE- **Fiontraíocht; Scileanna a Dhigiú; Bonneagar Digiteach; agus Seirbhísí Poiblí Digiteacha.**

Agus aitheantas á thabhairt do ról tábhachtach na hÉireann maidir le rialacháin dhigiteacha a chur i bhfeidhm, *trí Leas a Bhaint as Digiú*, treisítear ár **dtiomantas do líonra rialálaithe comhaimseartha, comhtháite, a bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu** chun maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar rialacháin dhigiteacha agus iad a fhorfheidhmiú.


Rinneadh **cur i bhfeidhm** a chur chun cinn trí struchtúir comhordaithe tras-rialtais, a thuairiscíonn chuig an gCoiste Comh-Aireachta um Théarnamh agus Infheistíocht Gheilleagrach. Áirítear leis seo teagmháil rialta idir an Gasra Oifigeach Sinsearach um Shaincheisteanna Digiteacha agus an **Gasra Rialálaithe Digiteacha**¹.

Rinneadh dul chun cinn ar fud gach gné den Straitéis, de réir mar a mhionsonraítear thíos.

Cé gur choinnigh Éire **an 5ú háit** as an EU27, **ar áit láidir ar an iomlán é ar Innéacs um Gheilleagar agus Sochaí Digiteach 2022** an AE, táimid dírithe i gcónaí ar dhul chun cinn a chur chun cinn tuilleadh ar fud gach gné dár gclár oibre digiteach.

Tá sé seo **ag éirí níos tábhachtaí fós i bhfianaise na ndúshlán suntasach**, agus gaoithe ganna **atá roimh ghnóthaí agus teaghlaigh**, mar thoradh ar bhoilsciúard, rátaí arda úis, agus dúshlán maidir le fuinneamh. Tuigeann an Rialtas **go rímhaith na dúshlán atá roimh an earnáil teicneolaíochta** agus táimid dúthrachtach faoinár ndícheall a dhéanamh tacú leo sin ar chuir caillteanais poist ghaolmhara isteach orthu, agus faoinár **bpríomhchúram i leith iomaíochas** a choimeád, agus faoina chinntiú go mbeidh Éire ar **an áit is fearr san Eoraip le hinfeistíocht agus fás a dhéanamh don todhchaí**, sa ré dhigiteach seo.

¹ Cuimsíonn an Gasra Rialálaithe Digiteacha an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg), an Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC), an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC), agus Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI)



Innéacs Geilleagar Digiteach agus Sochaí 2022 (DESI) na hÉireann

- Choinnigh Éire a seasamh láidir foriomlán de 5ú as an AE27 maidir le dul chun cinn digiteach sa DESI 2022, le scór 62.7, níos airde ná meán an AE de 52.3
- Tá meánfhás coibhneasta bliantúil na hÉireann (2017-2022) ar cheann de na fás is airde san AE, ag 8.5%. *average yearly relative growth (2017-2022) is one of the highest in the EU, at 8.5%.*

Dul chun cinn i gcoinne Spriocanna, arna dtomhas faoi DESI 2022

SPROCIANNA		DUL CHUN CINN	
Deich mBliana Digiteacha an AE 2030	Ag baint leasa as 2030 Digiteach	Éire 2022 DESI	ER Meán 2022 DESI

ATHRÚ DIGITEACH AR GHNÓ

Néalríomhaireacht	75%	75%	47%	34%
Sonraí Móra	75%	75%	23%	14%
AI	75%	75%	8%	8%
Déine Dhigiteach SME (Bunúsach)	90%	90%	64%	55%

BONNEAGAR DIGITEACH

Líonra Gigabit	100%	100% By 2028	89%	70%
Sonraí Móra	100%	100%	72%	66%

SCILEANNA

Sliseanna Digiteacha Bunúsacha	80%	80%	70%	54%
--------------------------------	-----	-----	-----	-----

SEIRBHÍSÍ POIBLÍ A DHIGITIÚ

Govt. Seirbhísí Ar Líne/úsáideoirí ríomh-Rialtais	100% (príomhsheirbhísí poiblí)	90% (seirbhísí infheidhme arna gcaitheamh ar líne)	92% (úsáideoirí r-Rialtais)*	65%
---	-----------------------------------	---	---------------------------------	-----

*Tomhaiseann an táscaire seo céatadán na n-úsáideoirí idirlín go léir (idir 16-74 bliana d'aois) a d'úsáid an tIdirlíon chun idirghníomhú le húdaráis phoiblí

Dul chun cinn maidir le Soláthar

Tugtar achoimre thíos ar dhul chun cinn go dtí seo faoi gach aon cheann den cheithre Ghné de *Leas a Bhaint as Digiú* i gcaitheamh na bliana 2022.

Gné 1 – Claochlú Digiteach a Dhéanamh ar Ghnó

Sruth oibre: Tacaíocht chuimsitheach a thabhairt d'fhiontair ar fud gach gné dá gclaochlú digiteach

- Bunaíodh **Fóram Comhairleach um Chúrsaí Digiteacha d'Fhiontair**, inabhfúil cuideachtaí dúchasacha agus ilnáisiúnta, agus saineolaithe maidir le teicneolaíochtaí digiteacha; díriodh pléití ar scileanna digiteacha; tionchar an Chiste um Aistriú Digiteach a uasmhéadú; agus IS.
- Faoi DESI 2022, d'fheidh migh Éire chun cinn ar mheáin an AE maidir le Mórshonraí (23% in aghaidh 14%), Néalríomhaireacht (47% in aghaidh 34%) agus ar aon chéim le meán an AE i leith IS (8%) ó thaobh teicneolaíochtaí digiteacha bheith á nglacadh ag fiontair, agus leibhéal déine dhigiteach bunúsach ag 64% SMEnna na hÉireann (in aghaidh ár sprice 90% faoin mbliain 2030).
- Osclaíodh an **Ciste um Aistriú Digiteach €85 milliúnd** iarratais i mí an Mheithimh chun tacú le cuideachtaí ar an aistear digiteach. Tá **pleanáil** arbun chun an Ciste a fhorbairt tuilleadh mar aon le **Tairseach Digiteach** nua don bhliain 2023, ar trísín a chuirfear ar chumas gnóthaí féinmheasúnú a dhéanamh ar a n-ullmhacht dhigiteach agus comhairle shaincheaptha a chur ar fáil.
- Trí scéim oiliúna digiteach nua do SMEnna, **'You're the Business'** táthar ag cuidiú le gnóthaí méadú, trí scileanna digiteacha a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le Google.
- D'fhoilsigh an Rialtas **Ráiteas athbhreithnithe maidir leis an Ról atá ag Ionaid Sonraí i Straitéis Fiontraíochta na hÉireann** i mí Iúil, indiaidh comhairliúcháin le réimse leathan páirtithe leasmhara. Glacann sé sraith prionsabal chun leas a bhaint as na tairbhí geilleagracha agus sochaíocha a bhaineann le hionaid sonraí, ar trísín adhéantar éascaíocht ar fhorbairt ionad sonraí a chloíonn lenár gcuspóirí beartais maidir le fuinneamh agus fiontraíocht.
- Tá an **chéad Ambasadóir IS de chuid na hÉireann**, an Dr Patricia Scanlon, i gceannas ar chomhrá náisiúnta maidir leis an ról atá ag IS inár saol, agus béim á leagan ar thiomantas na hÉireann do chur chuige eiticíúil.
- Tionóladh **Comhthionól Náisiúnta na nÓg maidir le IS** i mí Dheireadh Fómhair, mardheis chun dul i dteagmháil le daoine óga maidir le IS, agus chun gairmeacha sa teicneolaíocht a chur chun cinn freisin.
- D'fhoilsigh an **Sainghrúpa maidir le Riachtanais Scileanna sa Todhchaí ad Tuarascáil um Scileanna IS** i mí an Mheithimh, inabhféachtar ar nascleanna atá ag teastáil chun IS a úsáid, a bhainistiú agus a rialú.
- Le linn **Comhdháil Éire Dhigiteach** an 23 Samhain, tugadh achoimre ar thairiscint uathúil na hÉireann mar reathaí cinn digiteach san Eoraip agus mar mhol domhanda digiteach. Beidh tuilleadh imeachtaí ina diaidh sin arna n-eagrú ag IIEA agus IDA Ireland ar siúl sna míonna atá amach romhainn.

Sruth oibre: Tabhairt faoi chur chuige stuama, comhtháite, réamhghníomhach maidir leis an aistriú digiteach, trí éiceachóras láidir agus cumasóirí láidre

- Tá Éire ina rannpháirtí gníomhach in idirbheartaíocht a bhaineann le rialú digiteach ag leibhéal an AE, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh i **nGrúpa Ardleibhéil an Choimisiúin Eorpaigh maidir le IS agus Gnó a Dhigitíú** d'fhonn gníomhaíochtaí digiteacha AE a chomhordú.
- Phasáil an ceithre cinn ar fad de **Mhoil Nuálaíochta Digití Eorpacha (EDIH)** antairseach agus tá siad incháilithe bheith ina gcuid den líonra EDIH. Déanfar dhá Mhol (FxC agus CeADAR) a mhaoiniú i gcomhpháirt trí EORAIP DHIGITEACH agus an RRF. Bronnadh 'Séala Barr Feabhais' ar an dá mhol eile (ENTIRE agus DATA2SUSTAIN), rud a cheadaíonn dóibh bheith ina mball iomlán den líonra EDIH faoi réir maoiniú náisiúnta.

Gné 2 – Bonneagar Digiteach

Sruth oibre: Nascacht ghigighiotáin agus nascacht 5G níos fearr a chur chun cinn, lena n-áirítear nascacht idimáisiúnta

- I **Straitéis um Nascacht Dhigiteach**, leagtar amach ár n-uaimhian i leith nascacht dhigiteach go dtí 2030, mar aon leis na cumasóirí agus tionscnaimh straitéiseacha chun í a chur i gcrích.
- Tá tógáil críochnaithe nó faoi bhealach ar fud na gcontaetha ar fad faoin **bPlean Náisiúnta Leathanbhanda €2.7 billiún**; faoi láthair, is féidir le breis agus 97,000 áitreabh nasc leathanbhanda snáithín ardluais a ordú nó a ordú roimh ré ar fud 25 contae.
- Suiteáladh breis agus **750 Pointe Nasctha Leathanbhanda** leathanbhanda ardluais, lena n-áirítear 279 láthair phoiblí agus 479 nasc scoile. Táthar ag súil go mbeidh 300 mol, faoin **Líonra Mol Náisiúnta**, ag feidhmiú faoi dheireadh na bliana 2022.
- Faoin **Clár Leathanbhanda Scoileanna NRRP €16 milliún**, nascfar 1,600 scoil le leathanbhanda ardluais; dóibhsin, táthar ag súil go mbeidh 750 scoil beo faoi dheireadh na bliana 2022, agus tá 250 scoil bhreise le nascadh i dtús na bliana 2023.
- Chomh maith leis sin, trí mhaoiniú NRRP, soláthraítear **maoiniú deontais ICT do scoileanna** d'fhoghlaimoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais le **€50 milliún eisithe i mí na Samhna**; agus **sríomhairí glúine curtha ar fáil do bhreis agus 24,600 mac léinn faoi mhíbhuntáiste i mBreisoideachas agus Ardoideachas**.
- Tá an **Tascfhórsa um Fhóin Mhóibíleacha agus Leathanbhanda** ag obair chun bacainní i leith seirbhísí teileachumarsáide a sholáthar sa Stát a aithint agus a sháru, chun tacú le rolladh amach nascacht gigighiotáin agus 5G, agus nascacht idirnáisiúnta i gcoitinne.
- **Tríréimeas reachtach um Limistéar Muirí a Phleanáil**, bunófar réimeas nua pleanála agus toilithe don earnáil cáblaí teileachumarsáide fomhuirí.

Sruth oibre: Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin maidir le fuinneamh & an geilleagar ciorclach mar gheall ar theicneolaíochtaí digiteacha

- Cuirfear anailís i gcrích maidir leis na **tionchair dhearfacha agus diúltacha atá ag athruithe i dteicneolaíochtaí digiteacha ar inbhuanaitheacht**, trí chlár taighde ilbhliantúil atá á fhorbairt leis an **ESRI**, a gcuirfear tús leis in R1 2023.
- Tá ComReg ag obair lena contrapháirtithe san AE chun measúnú a dhéanamh ar **cion oibre rialálaithe maidir le tionchar na hearnála digití ar an gcomhshaol a laghdú**. Ar na chéad chéimeanna eile, áirítear **modhanna tomhais choiteanna a fhorbairt**, agus tá **comhairliúchán poiblí** faoi bhealach chun táscairí inbhuanaitheachta a aithint.

Sruth oibre: Tús áite a thabhairt d'acmhainn, saineolas agus bonneagar cibearshlándála na hÉireann

- Tá forbairt na reachtaíochta chun Ionad Náisiúnta Cibearshlándála a fhorbairt ar bhonn reachtúil faoi bhealach. Tá clár earcaíochta faoi bhealach agus ar an mbóthar ceart don sprioc 70 ball foirne a bhaint amach faoi dheireadh na bliana 2024, agustáthar ag súil go mbeidh 47 fostaítheann faoi dheireadh na bliana 2022. Tá obair ag dul ar aghaidh maidir le **Straitéis Teicneolaíochta** a fhorbairt, mair aon le **clár oiliúna do chéimithe**, a bhfuiltear ag súil é a sheoladh in R3 2023.
- Cuireadh tús le **hathbhreithniú meántéarmach ar an Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála 2019-2024**. Cuirfear tús le comhairliúchán poiblí sula i bhfad, agus maidir leis an athbhreithniú, táthar ag súil é a thabhairt chun críche faoi R1 2023.

Gné 3 – Scileanna

Sruth oibre: Cnuasach freagraí um beartas scileanna atá cuimsitheach agus idirnasctha a chur ar fáil chun tabhairt faoi na dúshláin, agus an deis a fhóru maidir le claoclú digiteach na hÉireann, ar fud scileanna digiteacha ardleibhéil, agus scileanna digiteacha don mhargadh fostaíochta san áireamh

- In 2020 agus 2021, sáraíodh an sprioc do chéimithe le scileanna ICT ardleibhéil faoi Scileanna Teicneolaíochta 2022. **Tríphlean gnímh**, atá le tabhairt chun críche in R1 2023, díreofar na nithe insoláthartha faoi Ghné 3 a bhaint amach, agus díreofar ar **Scileanna Digiteacha Ardleibhéil a fhorbairt don Mhargadh Fostaíochta agus ar Scileanna Digiteacha don tSochaí**.
- Áirítear le dul chun cinn a rinneadh i scileanna digiteacha ardleibhéil a fhorbairt an **Tionscnamh Caipitil Daonna** a sholáthar ar bhonn leanúnach; **creat náisiúnta maidir le micridhintiúirí** a fhorbairt (an chéad tír san Eoraip chun sin a dhéanamh); agus **UL@Work**, réimse nua clár maidir le cúrsaí digiteacha ó UL, a leagadh amach i gcomhar le tionscal, d'fhonn uasoiliúint agus athoiliúint dhigiteach a chumasú.
- Tiocfaidh an **tAthbhreithniú ar Straitéis Scileanna Éire/OECD** chun deiridhí mí Marta na bliana 2023. Áirítear leis na príomhréimsí atá ag teacht chun cinn i ndáil le gníomh féideartha **sonraí níos dinimiciúla, gráinní agus fíor-ama** chun gníomhú go mear i leith riachtanais tionscail; **roghanna oiliúna gearra, solúbtha agus cumaiscthe** a mhéadú do dhaoine atá ag dul isteach san fhórsa saothair; **éascaíocht inseoltachta** a chur chun cinn d'fhostóirí / daoine aonair trí roghanna scileanna; **aistir fhoghlama indibhidiúlaithe, leanúnacha** a chumasú trí threoir agus faisnéis; **forbairt fórsa saothair** atá níos spriocdhírthe agus saincheaptha
- Déantar ionadaíocht ar Éirinn ag **Idirphlé Struchtúrtha maidir le hOideachas agus Scileanna Digiteacha an AE** chun tacú leis an AE spriocanna don bhliain 2030 a bhaint amach, lena n-áirítear tríd an straitéis Deacáid Dhigiteach.
- Tá obair ar siúl ar bhonn leanúnach, agus bunaithe ar fhaisnéis ó chomhairliúchán poiblí a cuireadh i gcrích le gairid, chun **córas oideachais tríú leibhéal níos aontaithe** a chur chun cinn chun freagairt do riachtanais foghlama, scileanna, eolais agus tallainne foghlaimeoirí, na sochaí agus an gheilleagair i réimsí barrthábhachtacha ar nós scileanna digiteacha. Bainfear é seo amach trí **chonairí soiléire agus ciallmhara** agus pointí aistrithe ar fud an chórais agus idir an córas, agus deiseanna níos fearr ar fhoghlaim fad saoil, uasoiliúna agus athoiliúna.

Sruth oibre: Scileanna Digiteacha a chur ar fáil don tSochaí i gcoitinne, chun cur ar chumas gach cohóirt gníomhú le digitíú agus leas a bhaint as

- Áirítear le hobair atá ar siúl ar bhonn leanúnach chun sprioc a bhaint amach ina mbeadh scileanna digiteacha bunúsacha ag 80% de dhaoine fásta ar a laghad faoin mbliain 2030 obair chun borradh a chur faoi scileanna digiteacha ar fud an chórais oideachais ar fad (scoileanna, FET, HE, foghlaim fad saoil); is é scór na hÉireann faoin DESI 2022 ná 70% in aghaidh mheán 54% an AE.
- Áirítear le Cur i bhFeidhm na Straitéise um Litearthacht Daoine Fásta ar feadh an tSaoil Oifig Chláir nua in SOLAS agus Oifigeach Stiúirthóir na Straitéise Daoine Fásta ar feadh an tSaoil a cheapadh.
- Foilsíodh an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna i dtreo na bliana 2027 i mí Aibreáin 2022, le hinfheistíocht chaipitil €200 milliún le linn a saolré faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2018-2030.
- Tá athchóiriú ar churaclaim na sraithe sóisearaí agus sinsearaí faoi bhealach lena chinntiú go bhfuil daoine óga ullmhaithe chun páirt a ghlacadh i sochaí atá go hiomlán nua-aimseartha, lena n-áirítear trí scileanna agus litearthacht dhigiteach a fhorbairt.
- Foilseofar Straitéis Litearthachta & Uimhearthachta agus Litearthachta Digití leantach d'fhoghlaimoírí i scoileanna luathbhlianta, bunscoileanna agus scoileanna iar-bhunscoile in 2023, agus foilseofar Plean Cur Chun Feidhme Oideachais STEM i dtreo na bliana 2026 go gairid.
- Mar chuid dá Chlár um Litearthacht sna Meáin 2022, tá Tuiscintarna Meáin, Éire (MLI) ag cur tús le Be Media Smart 2023 a sholáthar, chun oiliúint a chur ar bhaill foirne leabharlainne acmhainní agus oiliúint a chur ar fáil don phobal maidir le litearthacht sna meáin.
- Tá Údarás Craolacháin na hÉireann ag tabhairt maoiniú d'Institiúid Scannán na hÉireann chun scannán a bhaineann le litearthacht sna meáin a chur ar fáil do scoileanna. I ndiaidh a bhunaithe, is é ceann de na feidhmeanna a bheidh ag an gcoimisiún nua, Coimisiún na Meán, litearthacht sna meáin a chur chun cinn.

Gné 4 – Seirbhísí Poiblí a Dhigitiú

Sruth oibre: Digitíú breise a dhéanamh ar sheirbhísí poiblí a chur chun cinn (le fócas ar an gcóras sláinte)

- Foilsíodh Cónascadh Rialtais 2030 – Straitéis Dhigiteach agus TFC do Sheirbhísí Phoiblí na hÉireann i mí Márta na bliana 2022. Tánforfheidhmiú á chur chun cinn, lena n-áirítear tairseach ar líne Imeachtaí Barrthábhachtacha Saoil atá á forbairt.
- Tháinig Comhairliúchán Poiblí chun tuiscint níos fearr a fháil ar thosaíochtaí an phobail maidir le seirbhísí poiblí ar líne, agus conas iad a dhéanamh níos éifeachtaí agus inrochtana chun deiridh i mí na Samhna.
- Déanfar Treochlár um Ionchuimsiú Digiteach a fhoilsiú i dtús na bliana 2023 ina leagfar amach bearta freisin chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do dhaoine ar cosúil nach mbeadh teacht acu ar sheirbhísí ar líne.
- Roghnaíodh tairgeoir tosaíochta chun Ionad Sonraí an Rialtais a thógáil agus tá an cás gnó ceadaithe.
- Le linn an chlár Phrintíseachta TFC 2023, ceapfar breis agus 100 printíseach in 23 eagraíocht státseirbhíse in R1 2023.

- Tá breis agus 1.8 milliún cuntas dearbhaite MyGovID ann, arb ionann sin agus thart ar 48% den daonra daoine fásta (seachas an sprioc 80% faoin mbliain 2030). **Chomh maith leis sin, tá obair faoi bhealach ag leibhéal an AE ar chaighdeáin nua eID AE agus ar sparán digiteach.** Déantar ionadaíocht ar Éirinn ar ghrúpaí oibre OECD agus NA chun ailíniú le forbairtí.
- Tá forbairt **Bille um Fhaisnéis Shláinte** curtha chun cinn go mór, agus cuirfeadh **Scéim Ghinearálta os comhair an Rialtais i mí na Nollag**. Leis seo, cinnteofar go mbeidh córas náisiúnta faisnéise sláinte ag Éirinn atá oiriúnach don fheidhm, lena n-áirítear trí fhoráil a dhéanamh do **Chaomhnóir um Fhaisnéis Shláinte Náisiúnta**; do chur chuige caighdeánbhunaithe i leith faisnéis shláinte; agus **Údarás Náisiúnta um Fhaisnéis Shláinte** (le maoiniú faoi Bhuiséad 2023 chun a úsáid lena leagan amach agus forbairt).
- Leanadh le dul chun cinn an HSE in 2022 chun tacú le háit oibre dhigiteach, le socrúithe curtha ar bun do **mhonatóireacht níos fearr ar oibríochtaí cibearshlándála 24/7**, i ndiaidh an ionsaithe mhóir bogearraí éirice a rinneadh sa bhliain 2021. Cheap an HSE **Príomhoifigeach Teicneolaíochta agus Claochlaithe eatramhach** agus **Príomhoifigeach Slándála Faisnéise** agus cuireadh tús leis an bpróiseas chun na poist seo a líonadh ar bhonn buan. Chomh maith leis sin, bhunaigh Bord an HSE **Coiste Boird Teicneolaíochta & Claochlaithe** chun maoirseacht a dhéanamh ar an gcibearchlár agus clár TFC agus ar an gclár oibre claochlaithe teicneolaíochta i gcoitinne, agus forbraíodh **cibearchlár oibre tosaíochta** mar fhreagra ar an Athbhreithniú Iartheagmhais Neamhspleách a rinne an PwC.
- Tá soláthar **Córais Taifid Sláinte (EHR)** don Ospidéal Nua do Leanaí faoi bhealach agus tá **conradh sínithe** le díoltóir idirnáisiúnta i ndiaidh ceadú a fháil ón Rialtas i mí Iúil 2022. Tá na pleananna soláthair don chóras EHR don aospidéal mháithreachais i Luimneach agus sa Chom á socrú i dtreo na bliana 2024 chun a cibearionsaí in 2021 a chur san áireamh.
- Tá forbairt **creat nua do Chúram Sláinte Dhigiteach 2023-2027** faoi bhealach. Leis sin, leagfar síos an treochlár do shláinte dhigiteach in Éirinn don chéad deich mbliana eile agus tabharfar roghanna maidir le treochlár a leagan amach d'infheistíocht agus soláthar EHR.

Sruth oibre: Céimeanna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go hiomlán lena chinntiú go n-úsáidtear sonraí seirbhíse poiblí go sábháilte agus go héifeachtach

- **Cuireadh tús le hobair an Bhoird Rialachais Sonraí**; is é an ról atá aige rialachas sonraí a threorú, a mhaoirsiú agus a chur chun cinn ar fud na hEarnála Poiblí.
- Foilsíodh **Catalóg Sonraí Seirbhíse Poiblí** i mí an Mhárta chun oscailteacht agus trédhearcacht a chur chun cinn maidir le sonraí arna gcoinneáil ag an tSeirbhís Phoiblí trí fhaisnéis a chur ar fáil maidir le breis agus 1,100 tacar sonraí barrthábhachtach ar fud beagnach 100 comhlacht poiblí. Chomh maith leis sin, rinneadh **Leabhar Beartaíochta um Chomhroinnt Sonraí**, ina gcuirtear próiseas céim ar chéim ar fáil maidir le comhroinnt sonraí, a nuashonrú i mí an Mheithimh.
- Faoin gCreat Rialachais Sonraí nua, agus i ndiaidh comhairliúchán poiblí, **cuireadh roinnt Comhaontuithe um Chomhroinnt Sonraí faoi reachtaíocht nua i gcrích**. Leis an gCreat seo, déantar forbairt ar an **Acht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí 2019**, a **achtófar go hiomlán i mí na Nollag 2022**. Rangáíodh Éire sa chéad áit as iontaoibh an phobail maidir le sonraí bheith á n-úsáid ag an rialtas i [Suirbhé Iontaobhe OECD](#).

Cur i bhFeidhm: Cur Chuige Comhordaithe do Bheartas & Rialú Digiteach

Is é an **Coiste Comh-Aireachta um Théarnamh agus Infheistíocht Gheilleagrach** atá i mbun **Cur i bhFeidhm Leas a Bhaint as Digiú** a mhaoirsiú, arna thacú ag **Gasra Oifigeach Sinsearach** maidir le **Saincheisteanna Digiteacha** a ndéanann Roinn an Taoisigh cathaoirleacht air. **Trícheannaireacht pholaitíochta láidir, arna treorú ag an Tánaiste agus an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta** cinntíodh fócas leanúnach, agus comhleanúnachas láidir ar fud ár gclár oibre digiteach, trí **Ghasra um Margadh Aonair Digiteach**, adhéanann Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta cathaoirleacht air. Mar chuid den chur chuige comhleanúnach seo, **rinneadh teagmháil leis an nGasra Rialálaithe Digiteacha** de réir mar a tugadh gealltanais ina leith faoin Straitéis.



Sruth oibre: Tá Éire dúthrachtach faoi leanúint i mbun córas rialála digiteach a chur ar fáil atá comhaimseartha, comhleanúnach agus a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige

- Tá an **Bille um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022** ag dul tríd an Oireachtas agus táthar **ag súil lena achtú faoi dheireadh na bliana**. Déantar foráil leis do bhunú Choimisiún na Meán, lena n-áirítear Coimisinéir um Shábháilteacht ar Líne, agus díscáileadh an BAI. Déanfar nuashonrú ar rialú seirbhísí craolacháin teilifíse agus físeáin ar éileamh agus trasúifear an **Treoir athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc** i ndlí na hÉireann.
- In éineacht leis sin, tá an Rialtas i mbun **Coimisiún na Meán a bhunú** ar bhonn riaracháin, agus €7.5 milliún á leithdháileadh faoi Bhuiséad 2023; **táthar ag súil go ndéanfar earcaíocht do phoist bharrthábhachtacha a chur i gcrích go luath, lena n-áirítear earcaíocht do Choimisinéir um Shábháilteacht ar Líne**.
- Foilsíodh **Tuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán** i mí Iúil, indiaidh comhaontú an Rialtais i bprionsabal glacadh le 49 cinn de 50 moladh agus samhail mhaoinithe malartach a mholadh. **Tá an obair chun na moltaí a chur i bhfeidhm**, agus chun samhail mhaoinithe nua a fhorbairt **ag leanúint go fóill, ag úsáid t-eolas is déanaí le tabhairt don Rialtas i mí na Nollag**.
- Ag leibhéal an AE, tháinig an **Gníomh um Margaí Digiteacha** agus an **Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha** i bhfeidhm i mí na Samhna 2022.
- Níos luaithe i mbliana, **Chinn an Rialtas Coimisiún na Meán a ainmniú mar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na hÉireann** faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, agus tá **obair ar bun go leanúnach chun éifeacht oibríochta agus reachtaíochta a thabhairt don chinneadh sin**.
- I mí na Samhna, d'aontaigh an Rialtas **Coimisiún na Meán a ainmniú mar údarás inniúil faoin Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne**, a bhfuil feidhm leis ó mhí an Mheithimh 2022.

- Beidh feidhm leis an **nGníomh um Rialachas Sonraí** agus beidh éifeacht dhíreach aige in Éirinn ó Mheán Fómhair 2023. Tá ullmhúchán faoi bhealach chun é a thrasú, lena n-áirítear trí reachtaíocht thánaisteach, chun foráil a dhéanamh do **chomhlacht inniúil agus Pointe Faisnéise Aonair a chur ar bun chun cuidiú le comhlachtaí poiblí na sonraí** a choinníonn siad a **chomhroinnt go deonach**; agus tá reachtaíocht phríomha á hullmhú chun éascaíocht a dhéanamh ar **údarás inniúil** a ainmniú **chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh idirghabhálaithe sonraí** atá ag feidhmiú in Éirinn.
- I measc rialachán nua a bhfuil idirbheartaíocht á déanamh orthu faoi láthair ag leibhéal an AE, tá an **Gníomh um Shonraí**; **An Gníomh um IS**, **An Treoir um Dhliteanas IS** agus **An Treoir maidir le Dliteanas i leith Táirgí**; agus Rialachán atá molta maidir le **hÁbhar Mí-Úsáide Gnéasaí Leanáí a Chosc agus a Chomhrac**.
- Foilsíodh an **Bille um Rialáil Cumarsáide 2022** i mí Mheán Fómhair i ndiaidh ceadú a fháil ón Rialtas i mí Iúil agus tá sé **ag dul tríd an Oireachtas**. Tá sé ina thoradh ar thrasú an Chóid Eorpaigh um Chumarsáid Leictreonach isteach i reachtaíocht na hÉireann, lena bhforáiltear d'athbheithniú a dhéanamh ar an gcreat reachtaíochta don earnáil teileachumarsáide chun é a chur in oiriúint don aois dhigiteach.
- Tá an Rialtas dúthrachtach faoi leanúint i mbun **rialachán cosanta sonraí éifeachtach** a sholáthar agus cearta príobháideachta sonraí shaoránaigh an AE a chosaint, atá ríthábhachtach maidir le forbairt agus fás ár ngeilleagair dhigitigh. Tá **Coimisiún um Chosaint Sonraí** na hÉireann (DPC) ina **phríomhchomhpháirtí bloic** i ndáil le forfheidhmiú thar ceann shaoránaigh an AE san AE. I mí Iúil, chomhaontaigh an Rialtas tús a chur leis an bpróiseas chun **beirt Choimisinéirí breise** a cheapadh chun tacú le riachtanais an DPC atá ag teacht chun cinn, ar léiriú é ar admháil ón Rialtas go bhfuil an DPC ag déileáil le hualach oibre níos mó a bhfuil riachtanais fiosrúcháin ag baint leo atá ag éirí níos casta, agus ar an rún atá aige **leanúint d'fhorbairt a dhéanamh ar acmhainn an Choimisiúin**. Mar gheall ar an **mbuiséad níos mó** a gheall an Rialtas don DPC, agus **€26.2 milliún geallta don bhliain 2023**, beifear in ann **acmhainní**, thar an 200 ball foirne atá fostaithe faoi láthair, **mar aon le hinniúlacht, a mhéadú tuilleadh**.

Ceannasaí digiteach a dhéanamh d'Éirinn, chun claochlú digiteach a chur chun cinn agus a chumasú ar fud an gheilleagair agus na sochaí

Gné 1:

Claochlú Digiteach a Dhéanamh ar Ghnó



Gné 2:

Bonneagar Digiteach



Gné 3:

Scileanna



Gné 4:

Seirbhísí Poiblí a Dhigitiú



Spriocanna

75% d'fhiontair ag glacadh le Néal, Mórshonraí, IS faoin mbliain 2030.

90% de SMEnna ag déine dhigiteach bunúsach faoin mbliain 2030.

Ag tacú le 800 gnó ar a laghad faoin mbliain 2026 faoin gCiste um Aistriú Digiteach €85 milliún.

35% de mhaoiniú Stáit do ghnónna nuathionscanta agus luathchéime infheistithe i ngnónna digiteacha nuálacha ón mbliain 2022 ar aghaidh

Gach teaghlach agus gnó bheith clúdaithe le líonra Gigighiotáin faoin mbliain 2028.

Gach ceantar a bhfuil cónaí ann bheith clúdaithe le 5G faoin mbliain 2030.

Nascacht dhigiteach do gach Mol agus Scoil Nasctha faoin mbliain 2023.

Dearbhú tugtha i leith gach oibritheoir seirbhís í bunríachtanacha, Roinn Rialtais agus gníomhaireacht bharrthábhachtach go bhfuil bearta láidre maolaithe cibearshlándála curtha i bhfeidhm faoin mbliain 2024.

An sciar daoine fásta a bhfuil scileanna digiteach bunúsacha acu ar a laghad a mhéadú go 80% faoin mbliain 2030.

Céimithe ag a bhfuil scileanna digiteacha ardleibhéil a mhéadú go breis agus 12,400 faoi dheireadh na bliana- 2022, leis an uaillmhian an soláthar scileanna digiteacha a mhéadú tuilleadh sna blianta ina dhiaidh sin

90% de sheirbhísí infheidhme á n-úsáid ar líne faoin mbliain 2030

80% de shaoránaigh incháilithe ag úsáid MyGovID faoin mbliain 2030

20% d'fhostaithe san earnáil phoiblí ag obair ó chian (i ndiaidh na paindéime)

Sruthanna Oibre

Tacaíocht chuimsitheach a thabhairt d'fhiontair ar fud gach gné dá gclaoclú digiteach.

Tabhairt faoi chur chuige comhleanúnach, comhtháite i leith an aistrithe dhigitigh, trí éiceachóras tréan agus cumasóirí láidre.

Nascacht ghigighiotáin agus nascacht 5G níos fearr a chur chun cinn, lena n-áirítear nascacht idirnáisiúnta.

Aghaidh a thabhairt ar dhúshlán maidir le fuinneamh & an geilleagar ciorclach mar gheall ar theicneolaíochtaí digiteacha.

Tús áite a thabhairt d'acmhainn, saineolas agus onneagar cibearshlándála na Éireann

Cnuasach freagraí um beartas scileanna idirnasctha a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar an gclaoclú digiteach.

Scileanna Digiteacha don tSochaí a chur ar fáil, chun cur ar chumas gach cohórt gníomhú le digitiú

Digitiú breise a dhéanamh ar sheirbhísí poiblí a chur chun cinn, le fócas ar an gcóras sláinte.

Céimeanna a chur i bhfeidhm go hiomlán lena chinntiú go n-úsáidtear sonraí seirbhíse poiblí go sábháilte agus go héifeachtach.

Mar bhonn taca ag struchtúr rialachais comhleanúnach, agus ag creat rialála nua-aimseartha, comhtháite, dea-acmhainní.



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland